

# Buiséad 2009

## 1. RÉAMHRÁ

Seo iad cuspóirí Bhuiséid 2009:

1. Ord agus Cobhsaíocht a chur ar airgeadas poiblí
2. Feabhas a chur ar ár gcumas táirgiúil
3. Cothroime sa chaitheamh poiblí, agus Ioncam a ardú
4. Na daoine is inleonta sa Phobal a chosaint

Dréachtadh an Buiséad seo i gcomhthéacs na dtoscaí fioscacha agus eacnamaíochta is dúshlanaí le ghúin anall. Ach go háirithe, i gcúinsí éiginnteachtaí eacnamaíochta idirnáisiúnta, tá fórsaí buiséadacha agus fás diúltach eacnamaíoch ag bagairt go dian orainn. Sa Bhuiséad, a tugadh chun tosaigh chun aghaidh a thabhairt ar bhonn dearfach ar chúrsaí, féachtar le hord agus cobhsaíocht a thabhairt ar ais i gcúrsaí airgeadais phoiblí. Agus an cothroime mar aidhm, féachfaidh an Buiséad chuige le tairgiúlacht agus cumas iomaíochta a mhéadú, agus leis na daoine is inleonta sa tír a chosaint oiread agus is féidir.

I gcúrsaí éiginnte an gheilleagair idirnáisiúnta agus an gheilleagair bhaile, tá an Rialtas tiomanta ar bheartais stuama inchothaithe a fheidhmiú a chuideoidh linn go léir tríd an tréimhse rídhúshlánach seo.

## 2. DEALRAMH EACNAMAÍOCH

Níl imdhíonadh againn ar na deacrachtaí a eascraíonn thar lear. Léiríodh é seo sa mheath i gcúrsaí baile. Ag cur leis na deacrachtaí idirnáisiúnta tá géarcheartucháin in earnáil na maoine cónaithe, agus tráth níos déanaí fós, tá titim i muinín tomhaltóirí agus tá toscaí dúshlánacha i gcúrsaí gnó, agus dúshlán da réir dár saoránaigh amhail nach bhfacthas le tamall.

Mórán de na fachtóirí atá ina spealadh ar an bhfás i mbliana, leanfaidh á dtionchar fós ar na forbairtí eacnamaíochta in 2009. Is cosúil go gcúngóidh an ghníomhaíocht tithíochta a thuilleadh an bhliain seo chugainn, agus tá baol ann go leanfaidh an scéal seo ag dul i gcion ar chodanna eile den gheilleagar. Lena chois sin tuartar go bhfanfaidh an geilleagar domhanda in isle bhrí.

### Mionphictiúr Eacnamaíoch 2009

- Gníomhaíocht le cúngú: **OTN de -1.0%/ OTI ag -0.8%**
- Fostaíocht le cúngú agus dífhostaíocht le n-ardú chuig **7.3%** den Líon Saothair
- **Boilsciú ar Innéacs Praghsanna Tomhaltais** ag meán de **2½%**
- **Caiteachas comhlán** ar sheirbhísí poiblí de **€55.8 billiún (méadú de 3.6%)**
- Méadú de 1% ar Ioncam Cánach de bharr bearta árdaithe ioncaim i mBuiséad 2009
- **Comhardú Rialtais Ghinearálta: -6.5%** de OTI

### **3. SEASAMH BUISÉADACH**

Is í an staid bhuiséadach a thuairtar don tréimhse 2009-2011 go mbeidh easnamh buiséadach Rialtais Ghinearálta de 6.5% de OTI in 2009, agus easnaimh de 4.7% in 2010 agus de 2.9% in 2011.

Tuairtar go mbeidh an cóimheas fiachais-le-OTI timpeall 36% in 2008, suim atá níos lú go mór ná an meánleibhéal fiachais san AE faoi láthair, atá díreach faoi 60% de OTI. Tuairtar go mbeidh ár nglan-fhiachas timpeall 25% de OTI ag deireadh 2008 nuair a chuirtear san áireamh luach margaidh na socmhainní sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean.

### **4. CÁNACHAS <sup>1</sup>** **Straitéis Chánach**

Bhí ról suntasach ag an gcumas atá sa chóras cánach chun coigeartú a dhéanamh agus freagairt do riachtanais athraitheacha agus don bhrú ón gheilleagar domhanda chun ár bhfás geilleagrach láidir a fhorbairt agus a bhuanú le deich mbliana anuas. Ag dul ar aghaidh dúinn anois, beidh ar ár gcóras cánach forás agus athrú chun dul i gcomhréir le tosaí polaitiúla, eacnamaíochta agus fíoscacha a athraíonn níos tapa an t-am ar fad. Á chur seo san áireamh, táimid ag fanacht le tuarascáil an Choimisiúin um Chánachas, a chuideoidh lenár smaointe i dtaobh nadúr, minicíocht tarluithe agus ualach an chánachais, i dtéarmaí straitéiseacha, don deich nó fiche bliana ata romhainn.

Sa tréimshe díreach romhainn amach, agus chun cobhsaíocht agus atheagar a chur ar ár n-airgeadas poblí agus chun ár spriocanna fíoscacha a bhaint amach, is gá €2 billiún d'ioncam cánach breise a ghnóthú in 2009. Chun an méid seo a ghearradh ghlac an Rialtais le trí phrionsabal mar threoir:

- A haon, go mbeadh an gearradh cóir agus cothrom agus go gcaithfear níos mó a fháil ó dhaoine ar ioncaim arda ná ó dhaoine nach bhfuil chomh maith as;
- A dó, go gcaithfear an tionchar ar tháirgeadh agus fostaíocht, agus ar an ngeilleagar i gcoitinne a laghdú nuair is féidir;
- A trí, caithfidh na tobhaigh atá i gceist bheith neamhchasta agus inbhailithe gan stró.

Tá sé cothrom agus réasúnta a chinneadh gurb iad na daoine is mó a bhain tairbhe as an rath le blianta beaga anuas is tuisce a n-iarrafaí orthu anois a chomh-ualach a ghlacadh orthu féin de réir mar a théann tosaí in olcas.

### **Cáin Ioncaim Phearsanta**

- Na Bandaí Caighdeánacha Cánach a leathnú go:
  - €36,400 Singil (ó €35,400)
  - €45,400 Pósta Aon Ioncaim (ó €44,400)
  - €72,800 Pósta Dhá Ioncaim (ó €70,800)

Tobhach Ioncaim de 1% a thabhairt isteach ar ioncam suas go €100,100 (€1,925 sa tseachtain) agus de 2% ar ioncam de bhreis ar €100,100 (gan íocaíochtaí leasa shóisialaigh, pinsin ranníocaíochta agus neamh-ranníocaíochta a chur san áireamh)

---

#### **'Stádas na mBearta Cánachais**

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go dtugtar éifeacht reachtach, go ginearálta, trí achtú an Bhille Airgeadais (Uimh. 2), 2008 ag an Oireachtas do na bearta cánachais a imlínítear sa Ráiteas Airgeadais agus sna doiciméid ghaolmhara agus nach gcuimsítear sna Rúin Airgeadais faoin Acht um Bailiú Sealadach Cánach 1927. B'fhéidir go dtarlódh athruithe le linn an phróisis reachtaigh seo. Tharlóidís freisin, b'fhéidir, má éiríonn ceisteanna maidir le cúnaimh Stáit AE agus go n-éilfíonn an Coimisiún Eorpach go ndéanfar na hathruithe seo sula gcéadaíonn sé iad.

- Ó 1 Eanáir 2009, méadófar uasteorainn ranníocaíochta ÁSPC ó €50,700 go €52,000 i gcomhréir le gnáthinneacsú le pá ag gach Buiséad.
- Deonófar faoiseamh do Chostais Sláinte ar an ráta caighdeánach ó 1 Eanáir 2009 amháin, leis an eisceacht i dtaca le costais tithe banaltrachta, a mbainfidh an ráta caighdeánach leo ó 1 Eanáir 2010.
- Chun na thuas-ranníocaíochtaí atá infhaoisimh ó cháin a chinneadh chun críocha pinsin, tá an teorainn ar thuillimh bhliantúla á socrú ag €150,000 i gcomparáid le teorainn de €275,239 in 2008.
- Tá an ráta sainithe i gcás iasachtaí (seachas iasachtaí baile) á ardú ó 13% go 15% i leith fostaí a fhaigheann iasacht fabhair chun athruithe i rátaí úis a léiriú,
- Maidir le míreanna oidhreachta a dheonaítear do institiúidí formheasta Stáit agus le maoin oidhreachta a dheonaítear do Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann, tá teorainn de 80% den mhargadh –luath á cur ar an bhfaoiseamh cánach i leith na míreanna a dheonaítear.

### **Athrú Aeráide agus Cúrsaí Comhshaoil**

- Beidh athruithe sa chóras BIK fabhrach do chineálacha gluaisteáin bheaga agus dóibh siúd is lú a dhéanann truailliú
- Gearrfaidh ráta comhréidh tobhaigh de €200 sa bhliain ar fhostaithe a gcuireann a bhfostóir áiseanna páirceála gluaisteáin ar fail dóibh. Teorainneofar an tobhach d'áiseanna páirceála gluaisteáin a sholáthraíonn fostóir sna príomhcheantair uirbeacha.
- Má dhéanann fosóirí rothair agus trealamh gaolmhar sábháilteachta a sholáthar d'fhostaithe a chomhaontaíonn teacht chun na hoibre ar rothair, déileálfar leis an soláthar sin mar shochar comhchineáil atá díolmhaithe ó cháin. Ní féidir an díolúine a fheidhmiú ach uair amháin in aon tréimhse cúig bliana i leith fostaí ar bith. Beidh teorainn de €1,000 ar luach ceannachán den chineál sin i leith gach fostaí.
- Tiocfaidh cáin ar aerthaisteal ar gach imeacht ó aerfoirt Éireannacha i bhfeidhm Dé Luain 30 Márta 2009. Is é an ráta ginearálta a fheidhmeofar ná €10 an paisinéir, le ráta níos ísle de €2 i gcás aerthuais níos giorra (faoi 300km).

Ní bhainfidh an cháin ar aerthaisteal le:

- paisinéirí faoi dhá bhliain
- paisinéirí le míchumas agus daoine cúntacha
- aerárthach le níos lú ná 20 suíochán paisinéara
- paisinéirí atá faoi bhealach idir Aerphoirt
- baill foirne an eitleáin
- aersheirbhísí chuig agus ó oileáin timpeall an chósta
- aerárthaí atá ag imeacht ó aerfoirt ónar fhág níos lú ná 10,000 paisinéirí ag sa bhliain féilire roimhe sin.

Beidh ar an údarás chúil aerfoirt an cháin iníoctha a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim i dtaca le himeachtaí ar 30 Márta 2009 agus uaidh sin amach. Go praiticiúil, baileoidh an t-údarás aerfoirt an cháin ó na haerlínte.

## **Cánacha Indíreacha**

- Méadófar an ráta caighdeánach CBL ó 21 go 21.5 faoin gcéad le héifeacht ó 1 Nollaig 2008. Bainfidh an méadú seo leis na hearraí agus na seirbhísí go léir atá faoi réir CBL de 21 faoin gcéad faoi láthair.
- Tá an Dleacht Mháil ar phacáiste de 20 toitín á mhéadú de 50 ceint (agus CBL san áireamh), le méadú dá réir ar tháirgí eile tobac le héifeacht ó mheánoíche ar 14 Deireadh Fómhair 2008.
- Tá Dleacht Mháil ar bhuidéal caighdeánach fionna á mhéadú de 50 ceint (agus CBL san áireamh) le héifeacht ó mheánoíche 14 Deireadh Fómhair 2008. Bainfidh méaduithe dá réir le fionta eile agus le táirgí coipithe áirithe, mar aon le táirgí meánacha.
- Méadófar an cháin mhianra ar ola de 8 ceint an lítear (agus CBL san áireamh) le héifeacht ó mheánoíche 14 Deireadh Fómhair 2008.
- Tabharfar isteach ráta laghdaithe dleacht mháil, ag 50% den ráta dleacht mháil chuí do bheoir agus leann úll (táirgí beorach agus leanna úll le toirt alcóil de 2.8% nó níos lú), le héifeacht ó mheánoíche 14 Deireadh Fómhair 2008.
- Tá raon do thailí ceadúnais atá bainteach le halcól, agus seach-cheadúnais san áireamh, cés moite de cheanúnais tábhairní, á mhéadú go €500 sa bhliain i ngach cás.
- Méadófar an ráta dleacht geallghlacadóireachta ó 1% go 2% le héifeacht ó 1 Eanáir 2009.

## **Nuálaíocht agus Fiontar a Chur Chun Chinn**

- Tá an ráta reatha de creidmheas cánach ag 20% do chuideachtaí i leith taighde agus forbairt incháilithe (T&F) á mhéadú go 25%.
- Maidir leis an dreasacht cánach trína ndéantar soláthar le haghaidh liúntais chaipitil de 100% den chaiteachas a íocann cuideachtaí ar nuathrealamh fuinneamh-éifeachtach, tá an dreasacht sin á leathnú ó thrí chatagóir go 7 gcinn.
- Cuideachtaí nua a thosaíonn ar thrádáil in 2009, beidh siad saor ó cháin i ngach ceann de na bliana tosaigh sa mhéid nach mó ná €40,000 a ndliteanas cánach sa bhliain sin.
- Bunófar scéim nua dreasachta cánach imfhálaithe chun cuidiú le háiseanna tionscail atá liostaithe faoi SEVESO a aistriú agus a athlonnú. Is áiseanna iad seo a chuireann bac ar athnuachan cónaitheach agus tionsclaíoch i nDugthailte i gceantair uirbeacha seanfhorbartha.
- Tá síneadh ama de dhá bhliain á chur leis an teorainn diúscartha aon bhliana chun leas a bhaint as na liúntais caipitil i leith foirgnimh tráchtála nuathógtha
- Tá na Dleachtanna Stampála a bhaineann le cartáí Uathmheaisín agus Dochair á laghdú de leath ó €5 go €2.50. Tá na Dleachtanna Stampála a bhaineann le comh-chartáí Uathmheaisín/Dochair á laghdú ó €10 go €5.
- Tá an ráta Dleacht Mháil ar Bhillí Malairte (agus seiceanna san áireamh) á mhéadú ó 30 ceint go 50 ceint i dtaca le Billí Malairte a tharraingeofar ar 15 Deireadh Fómhair 2008 nó ina dhiaidh.

## **Ag Tacú le Feirmeoirí**

- Tá an bhreis ráta comhréidh d'fheirmeoirí coinnithe ag 5.2% do 2009
- Tá síneadh ama ceithre bliana curtha leis an bhfaoiseamh ar Dhleacht Stampála d'fheirmeoirí a fhaigheann talamh agus atá faoi bhun cúig bliana is tríocha d'aois a bhfuil traenáil talmhaíochta cuí orthu.
- Tá sé i gceist an faoiseamh Dleacht Stampála atá ar fáil d'fheirmeoirí a chomhdhlúthaíonn a ngabháltais a shíneadh, go 30 Meitheamh 2011.
- Tá soláthar á dhéanamh le haghaidh athnuachan ar an 25% faoiseamh ginéarála i leith stoic feirme agus ar an bhfaoiseamh 100% i leith stoic d'Fheirmeoirí Óga Traenáilte, ar feadh dhá bhliain go dtí 31 Nollaig 2010 ar aon.
- Tá soláthar á dhéanamh chun síneadh ama a chur leis an sprioc-dháta 31 Nollaig 2008 don scéim do liúntais chaipitil ar chaiteachas i leith faoiseamh do bhearta áirithe um thruailliú feirme a rialú

## **Bearta Cánach eile**

- Tá méadú ó 20% go 22% ar an ráta ginéarála Cánach Gnóthacháin Caipitiúil.
- Maidir le Cáin Gnóthacháin Caipitiúil, tá an dáta íocaíochta i leith diúscairtí sa tréimhse Eanáir-Samhain á athrú chuig lár mhí na Nollag agus beidh an cháin ar dhiúscairtí i mí na Nollag dlite ar an 31 Deireadh Fómhair dár gcionn.
- Déanfar dhá chuid den aon íocaíocht reatha do chomhlachtaí móra i leith réamhcháin chorparáideach. Beidh an chéad íocaíocht dlite sa 6ú mhí den tréimhse cuntasaíochta agus an dara íocaíocht dlite san 11ú mí den tréimhse cuntasaíochta.
- Tá méadú de 3 phointe faoin gcéad ar rátaí coinneála cánach a bhaineann le hús ar thaisce mar aon leis na rátaí cánach a bhaineann le (a) polasaithe árachais saoil agus (b) cistí infheistíochta.
- Tá méadú ar cháin mhótair de 4% ar ghluaisteáin faoi 2.5 lítear agus bandaí CO<sub>2</sub> A-D agus 5% ar ghluaisteáin os cionn an tairsigh 2.5 lítear agus bandaí CO<sub>2</sub> E, F agus G. Méadófar de 4% an ráta d'earraí, ceadúnais plataí trádála agus d'fheithiclí eile go léir. Ní bheidh aon ardú i gceist d'fheithiclí leictreacha.

## **An Margadh Maoin**

- Ó 1 Eanáir 2009 méadófar an ráta reatha faoisimh ar ús Morgáiste do cheannaitheoirí céaduaire ó 20% go 25% i mblianta a haon agus a dó, agus go 22.5% i mblianta a trí, a ceathair agus a cúig. Beidh an faoiseamh breise ar fáil do cheannaitheoirí céaduaire agus do cheannaitheoirí céaduaire a cheannaigh tithe le ceithre bliana anuas. Tá an ráta faoisimh ar ús morgáiste do cheannaitheoirí nach céadcheannaitheoirí iad á laghdú ó 20% go 15% ó 1 Eanáir 2009.
- I dtaca leis na hIonstraimí a reachtáilfear ó mheánoiche 14 Deireadh Fómhair 2008 athrófar an Dleacht Stampála reatha ar mhaoin neamhchónaithe. Tá an t-ardráta dleachta laghdaithe de 6%.
- Tabharfar muirear de €200 isteach ar thithe cónaithe phriobháideacha nach iad na príomhthithe cónaithe iad. Baileoidh agus toibheoidh an tÚdarás Áitiúil an muirear seo, agus bainfear úsáid as chun tacú le seirbhísí áitiúla a sholáthar. Beidh an muirear le n-íoc ag úinéirí a bhfuil cóiríochta príobháideacha curtha ar cíos acu, tithe saoire agus tithe nach príomhthithe cónaithe iad. Ní bhaineann sé le tithe nua atá fós gan díol.

## 5. CAITEACHAS

### Ag Cosaint Daoine Inleonta

Tá soláthar de €515m á dhéanamh sa phacáiste Leasa Shóisialaigh, Lá an Bhuiséid, agus na bearta seo a leanas san áireamh:

- Méadú de €7 sna Stát Phinsin Neamhranníocach agus Rannaíocach go €219 agus €230.30 faoi seach sa tseachtain.
- Méadú de €6.30 sa tseachtain ar Uasliúntais do Aosach Cáilithe atá bainteach leis na scéimeanna seo, do dhaoine in aois 66 agus os a chionn, agus €4.70 nó €4.60 sa tseachtain nuair is cuí, dóibh siúd atá faoi 66.
- Méadú de choicís sa Liúntas Breosla go tríocha dó seachtain agus méadú de €2 sa tseachtain sa ráta íocaíochta go €20 sa tseachtain
- Méadú de €6.50 sa tseachtain san uasráta pearsanta i leith chuile scéim seachtainiúil eile
- Méadú gaolmhar ar liúntais de €4.30 sa tseachtain do Aosach Cáilithe.
- Méadú de €8.50 go €230.30 sa ráta íos-Shochair Máithreachais agus sa ráta Sochair Uchtála sa tseachtain.
- Méadú de €6.50 sa tseachtain sa Liúntas Cúramóra agus sa Sochar Cúramóra.
- Is é €204.30 an ráta Leas Sóisialach iomlán is ísle anois.
- Méadú de €2 go €26 sa tseachtain san úsráta do Leanbh Cáilithe.
- Táirsigh Fhorlíonadh Ioncain Teaghlaigh méadaithe de €10 sa tseachtain do gach leanbh.

Anuas air sin:-

- Tá €20m de mhaoiniú breise i leith teiripeoirí/siceolaithe a sholáthar do leanaí scoile (€10m an ceann do Shláinte agus d'Oideachas ar aon).
- Tá €55m de mhaoiniú breise le Fair Deal a fheidhmiú, chun córas níos cothroime i gcúram cónaithe a sholáthar do dhaoine scothaosta atá go mór i muinín ar a leithéid.
- Tá soláthar de €1.65m in 2009 ar Thithíocht Shóisialta Inacmhainne de bharr síneadh a dhéanamh ar an scéim morgáiste rialtais áitiúil agus Scéim um Chothromas Rialtais a thionscnamh.

### Úsáid Acmhainní na hEarnála Poiblí a Athchóiriú

- Tá na hAíre, na hAíre Stáit agus na hArd-Rúnaithe uilig chun 10% dá dtuarastail a ligean uathu i ndáil leis an meath atá tar éis teacht ar an staid bhuiséideach.
- Tá an Rialtas tar éis cinneadh dul ar aghaidh le 30 togra cuíchóirithe a laghdóidh líon na ngníomhaireachtaí agus na geomhlachtaí stáit de 41, leis na feidhmeanna i dtrí réimse a shruthlíniú agus le structúr na mbeairicí airm a chuíchóiriú.

- Tá Athbhreithniú ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean fógraithe ag an Aire comh maith.
- Sa todhchaí, caithfidh an beartas um leas leanaí a athrú ó shochair uilíocha agus breis a thabhairt do na hioncaim níos isle. Ar an gcéad chéim laghdófar de leath an íocaíocht i leith Sochar Linbh do dhaoine in aois ocht mbliana déag go €83 sa mhí ó Eanáir 2009 agus ó Eanáir 2010 stopfaidh an teidlíocht i leith Sochar Linbh nuair a shroichfidh an leanbh aois 18 mbliana. Ach cuirfear bearta cúitimh i bhfeidhm chun cuidiú le teaghlaigh ar ísealphá.
- Íocfar an Fordheontas do Luathchúram Leanaí in aghaidh na míosa feasta seachas in aghaidh an ráithe, agus laghdófar freisin an tréimhse inteidlíochta ón chéad sé bliana tosaigh go dtí an chéad chúig bliana go leith.
- Caithfidh fócas an chaiteachais sláinte bogadh chomh maith i dtreo luach níos fearr ar airgead agus toradh níos fearr ar infheistíocht a fháil. Le méaduithe aimsithe i dtáillí agus muirir do sheirbhís sláinte cuideofar le srian a chur ar éilimh nach gá ar na seirbhísí sláinte agus le ranniocaíochtaí níos airde a fháil don chostas i leith na seirbhísí a sholáthar ó na daoine gur acmhainn dóibh íoc astu.
- Mar an gcéanna, tá deireadh á chur leis an teidlíocht uaidh féin ar chárta leighis do dhaoine os cionn 70. Íocfar deontas bliantúil airgid de €400 do dhaoine os cionn 70 nach gcáilíonn do chárta leighis ná do chárta cuairte ó Dhochtúir Teaghlaigh faoi na ngnáthchritéir, faoi réir teorainn ioncaim.
- Rinneadh athbhreithniú ar an gclár um dhilárú. Sainithníodh codanna príorachta a rachfar ar aghaidh leo. Tá cinntí i dtaobh breis oibre ar fheidhmiú na coda eile den chlár curtha siar go dtí go ndéanfar athbhreithniú in 2011.

## **Caiteachas Vótáilte**

Tá sé aontaithe ag an Rialtas nach méadóidh an tOllchaiteachas Reatha ag ráta níos airde ná 3.6% chuig €55.8 billiún in 2009. Lastigh den fhoriomlán seo méadóidh caitheamh ar Leas Shóisialach de ráta 8.4% agus méadóidh caitheamh ar Shláinte ag ráta de 2.1% agus an caitheamh ar Oideachas ag ráta de 2.7%. Is méaduithe suntasacha in acmhainní iad seo. Chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe seo atá os cionn an mheáin, ní mór ollchaiteachas reatha i mórán réimsí eile a laghdú.

- Is é €19,570 milliún an tOllchaiteachas do Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh in 2009. Is méadú de €1,513 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €16,335 milliún an tOllchaiteachas don Ghrúpa Sláinte agus Leanaí in 2009. San áireamh, tá méadú de €329 milliún sa chaiteachas reatha ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €9,628 milliún an tOllchaiteachas d'Oideachas agus Eolaíochta in 2009. San áireamh, tá méadú de €229 milliún sa chaiteachas reatha ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €2,630 milliún an tOllchaiteachas don Ghrúpa Dlí in 2009. Is laghdú de €76 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €3,114 milliún an tOllchaiteachas i leith an Vóta Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in 2009. Is laghdú de €62.6 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €1,061 milliún an tOllchaiteachas don Ghrúpa Cosanta in 2009. Is laghdú de €27.1 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.

- Is é €523.6 milliún an tOllchaiteachas don Ghrúpa Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta in 2009. Is laghdú de €22.7 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €500.6 milliún an tOllchaiteachas don Ghrúpa Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha in 2009. Is laghdú de €9.3 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €1,007 milliún an tOllchaiteachas don Ghrúpa Gnóthaí Eachtracha in 2009. Is laghdú de €32.2 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €3,613 milliún an tOllchaiteachas don Roinn Iompair in 2009. Is laghdú de €160 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €1,803 milliún an tOllchaiteachas don Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia in 2009. Is laghdú de €242.4 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €1,951 milliún an tOllchaiteachas don Ghrúpa Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2009. Is laghdú de €11 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €1,494 milliún an tOllchaiteachas don Ghrúpa Airgeadais in 2009. Is laghdú de €97 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €562.8 milliún an tOllchaiteachas don Ghrúpa Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta in 2009. Is laghdú de €145.4 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.
- Is é €195.7 milliún an tOllchaiteachas do Ghrúpa an Taoisigh in 2009. Is méadú de €3.9 milliún é seo ar an aschur tuartha in 2008.

### **Caiteachas Caipitiúil**

Is ionann agus 5% den OTI an bhreis agus €8.2 billiún atá in ollchaiteachas caipitiúil an Státchiste in 2009. Díreofar acmhainní ar bhonneagar bunúsach eacnamaíochta le cinntiú go mbeidh Éire i rocht maith chun tairbhe a bhaint as téarnamh eacnamaíoch domhanda. Díreofar ach go háirithe ar Infheistíocht Chaipitiúil mar seo a leanas:

- Úsghrádú ar bhonneagar ár mbóithre náisiúnta, go háirithe na Mór-Bhealaigh Idir-Uirbeacha idir Baile Átha Cliath agus na cathracha réigiúnacha;
- Feabhsú agus leathnú ar ár mbonneagar, iompair agus líonraí poiblí;
- Treisiú agus cothú ar ár mBonneagar um Sheirbhísí Uisce;
- Tacú le soláthar scoileanna idir bhunleibhéal agus dara leibhéal;
- Tacú leis an Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil;
- Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a tharraingt go hÉirinn agus tacú le fiontar dúchasach.

Críoch

14 Deireadh Fómhair 2008

Tá breis eolais ar chuile cheann de na beartais seo ar fáil ag [www.budget.gov.ie](http://www.budget.gov.ie)



**Gluais Gaeilge Béarla – Giorrúcháin sa Téacs**

**Irish English Glossary of Abbreviations in the Text**

<b>AE</b>	<b>Aontas Eorpach</b>	<b>EU</b>
<b>ÁSPC</b>	<b>Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta</b>	<b>PRSI</b>
<b>CBL</b>	<b>Cáin Bhreisluacha</b>	<b>VAT</b>
<b>CGC</b>	<b>Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla</b>	<b>CGT</b>
<b>OTI</b>	<b>Olltáirgeacht Intíre</b>	<b>GNP</b>
<b>OTN</b>	<b>Olltáirgeacht Náisiúnta</b>	<b>GNP</b>